RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1041 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Aibreán 2021

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le lotnaidicídí i mbainne foirmle do naíonáin agus i mbainne foirmle leantach

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga, maidir le bia chun críocha speisialta míochaine, agus maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú agus lena n-aisghairtear Treoir 92/52/CEE ón gComhairle, Treoracha 96/8/CE, 1999/21/CE, 2006/125/CE agus 2006/141/CE ón gCoimisiún, Treoir 2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialacháin (CE) Uimh. 41/2009 agus (CE) Uimh. 953/2009 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos, i measc saincheisteanna eile, ceanglais shonracha maidir le lotnaidicídí agus a n-iarmhair i mbainne foirmle do naíonáin agus i mbainne foirmle leantach.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127, sainmhínítear iarmhar lotnaidicídí trí úsáid a bhaint as téarmaíocht Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(3) Mar sin féin, le hAirteagal 3(2)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) déantar foráil maidir le sainmhíniú níos beaichte ar iarmhair lotnaidicídí.

(4) Ar mhaithe le soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil, is gá an sainmhíniú ar iarmhar lotnaidicíde atá i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 a ailíniú leis an sainmhíniú atá in Airteagal 3(2)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(5) Agus é á chur san áireamh gur cheart feidhm a bheith ag sainmhínithe na n-iarmhar maidir le substaintí gníomhacha mar a shainítear i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, is iomchuí gan a áireamh ach máthairchomhdhúile na substaintí gníomhacha sna liostaí a leagtar amach in Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 i bhfianaise leasuithe a dhéanfar amach anseo ar Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 a leasú dá réir sin.

([1]) IO L 181, 29.6.2013, lch. 35.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na ceanglais shonracha i ndáil le comhdhéanamh agus faisnéis le haghaidh bainne foirmlí do naíonáin agus bainne foirmlí leantach do naíonáin agus a mhéid a bhaineann leis na ceanglais i ndáil le faisnéis a bhaineann le beathú naíonán agus leanaí óga (IO L 25, 2.2.2016, lch. 1).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad Airteagal 4, mír 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127:

"1. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn 'iarmhar' iarmhar lotnaidicíde dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 3(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005."

Airteagal 2

Leasaítear Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Aibreán 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn IV:

"IARSCRÍBHINN IV

SUBSTAINTÍ GNÍOMHACHA DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 4(3)

Ainm ceimiceach mháthairchomhdhúil na substainte ([1])	Uasleibhéal na n-iarmhar (mg/kg)
Cadúsafos	0,006
Démheatón-S-meitil Démheatón-S-meitil sulfóin Ocsaidhémheatón-meitil	0,006
Eataprófos	0,008
Fiprinil	0,004
Próipineib	0,006"

([1]) Tá feidhm ag an sainmhíniú is déanaí ar iarmhar a leagtar síos san Iarscríbhinn lena mbaineann as measc Iarscríbhinní II, III, IV nó V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 (luaitear an sainmhíniú ar iarmhar idir lúibíní tar éis mháthairchomhdhúil na substainte).

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn V:

"IARSCRÍBHINN V

SUBSTAINTÍ GNÍOMHACHA DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 4(4)

Ainm ceimiceach mháthairchomhdhúil na substainte ([1])
Aildrin
Dé-eildrin
Déshulfatón
Eindrin
Feansulfaitian
Feintin
Halocsafop
Heipteaclór
Heicseaclóraibeinséin
Nítrifein
Óimeatóáit
Tearbúfos."

([1]) Tá feidhm ag an sainmhíniú is déanaí ar iarmhar a leagtar síos san Iarscríbhinn lena mbaineann as measc Iarscríbhinní II, III, IV nó V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 (luaitear an sainmhíniú ar iarmhar idir lúibíní tar éis mháthairchomhdhúil na substainte).